Celebrating 10 years // Ag Ceiliúradh 10 mBliana //

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH




# CLÁR LÚNASA

## LÚNASA PROGRAMME 2024

**IÚIL - LÚNASA 2024**

JULY - AUGUST 2024

10 L 24

LIÚ LÚNASA

# FOCAL ÓN STIÚRTHÓIR
# WORD FROM THE DIRECTOR

Tá séasúr na bhféilte faoi lán seoil agus muid ag súil go mór le fáilte chun na Cultúrlainne a chur roimh Fhéile an Phobail agus Belfast TradFest, dhá fhéile a chuireann go mór le spiorad 's brí na cathrach. Freisin, tá sé deacair a chreidiúint ach tá Liú Lúnasa 10 mbliana ar an bhfód agus súil againn le ceiliúradh spleodrach, spraíúil ag deireadh na míosa. Féile imill é Liú Lúnasa a dhéanann ceiliúradh ar ógchultúr na Gaeilge anseo in Iarthar Bhéal Feirste agus atá i ndiaidh cur le saol na Gaeilge fud fad an oileáin. Nach iontach go deo an fás atá tagtha ar an bhféile agus an chéad ghlúin eile de ghaeilgeoirí óga na cathrach seo i ndiaidh a stampa a chur ar an bhféile le comhpháirtíochtaí úrnua agus imeachtaí do gach aoisghrúpa ag leanacht le mana chéadbhlianta na féile - Saol Trí Ghaeilge Atá Uainn! Go maire sí aois Choilm De Bhailís!

Ar ndóigh , leanfar leis na ranganna agus leis na gníomhaíochtaí óige, rudaí atá ag croílár obair na Cultúrlainne. Tá muid bródúil as caighdeán na ranganna anseo agus muid ag súil go mór le fáilte a chur roimh chairde, idir shean agus nua, ag dianchúrsa Liú Lúnasa agus ag na ranganna seachtainiúla a bheidh ag tosú arís i mí Meán Fómhair.

Arís eile, tá taispeántais den chéad scoth i nDánlann Dillon agus sna Ballaí Bána, an dá ghailearaí ealaíne atá sa Chultúrlann a thugann deis dúinn uilig saothar as fud fad an domhain a fheiceáil. An séasúr seo, tá ceiliúradh á dhéanamh ar ghnéithe éagsúla d'eispéireas an duine, ó thaithí na mban go cás na n-imirceach, ó ghrá don chócaireacht go tionchar an oideachais



le scoth-ealaíontóirí ina measc Janice Cherry, buaiteoir Ghradam Dillon, mar aon le Dominick McKeown, Colin Darke agus Megan Luddy. Táimid thar a bheith buíoch dár bpríomh-mhaoinitheoir, an Chomhairle Ealaíon, as a dtacaíocht leanúnach agus dár maoinitheoirí eile, Foras na Gaeilge, Comhairle Chathair Bhéal Feirste, an Roinn Pobal, Ciste Infheistíochta na Gaeilge agus Future Screens.

Mar fhocal scoir, ar son Bhord agus Fhoireann na Cultúrlainne, ba mhaith linn buíochas ollmhór a chur in iúl do Ghráinne Ní Ghilín as a cuid oibre mar stiúrthóir feidhmiúcháin sa gCultúrlann le 3 bliana anuas. Tá Gráinne bainteach le tograí sa gCultúrlann ó bhí sí ina déaga, bhí sí tiománta 's paiseanta ina hobair anseo sa gCultúrlann agus an t-ádh orainn duine le taithí na mblianta in earnáil na Gaeilge a bheith ag obair inár measc. Guíonn muid gach rath uirthi sa todhchaí agus tá muid ag súil lena céad chuairt eile ar an gCultúrlann - ná bí i do strainséir!

*Festival Season is well underway and we are excited*

*to welcome Féile an Phobail & Belfast TradFest, two festivals that add to the vibrancy of our city every summer. Also, Liú Lúnasa, theIrish-language fringe festival, is celebrating its 10th year. Liú Lúnasa began in the Cultúrlann and has given a forum to young Gaels to platform their interests here in West Belfast, adding to the fabric of Irish-language events island-wide. It is wonderful to see the festival bloom and to see the next generation of Irish speakers putting their stamp on it, continuing with the message of those first years - We want a life through Irish!*

*As always, we continue with our Irish classes for adults and arts-based activities for children. We are immensely proud of the standard of our Irish classes here in the Cultúrlann and look forward to welcoming back learners of all ages to take their next steps on their Irish language journey as well as those who are learning their first cúpla focal at our intensive course during Liú Lúnasa festival and at our weekly classes which begin again in September.*

*Dánlann Dillon and Na Ballaí Bána galleries are unique spaces in West Belfast that offer audiences the chance to enjoy visual art from all over the globe, and this season the walls of An Chultúrlann will celebrate different aspects of the human experience from the female torso to the immigrant experience, from love of Irish cooking to the impact of our education on our lives with amazing artists including the winner of the Dillon Award, Janice Cherry, as well as Dominick McKeown, Colin Darke & Megan Luddy.*

*We are extremely grateful to the Arts Council, our principal funder, and to all our funders for their ongoing support, namely Foras na Gaeilge, Belfast City Council, the Department for Communities, Ciste Infheistíochta na Gaeilge and Future Screens.*

*Finally, on behalf of the board and the Cultúrlann team, a special word of thanks to Gráinne Ní Ghilín for her brilliant work as Executive Director here in the Cultúrlann over the last three years. Gráinne has been involved with the Cultúrlann since she was a teenager, brought a wealth of experience and passion to her role here and continues to help the Cultúrlann develop and grow. We wish Gráinne the best of luck in her future endeavours and look forward to her next visit!*

**Edel Ní Churraoin**

Stiúrthóir, Cultúrlann MacAdam Ó Fiaich

# TEACHTAIREACHT ÓNÁR bPRÍOMH-MHAOINITHEOIR
# MESSAGE FROM OUR PRINCIPAL FUNDER



Údar mór bróid do Chomhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann bheith ina príomh-mhaoinitheoir ar an Chultúrlann trí mheán chiste an Chrannchuir Náisiúnta. Is é misean na Comhairle Ealaíon na healaíona a fhorbairt is a chosaint agus é mar thosaíocht againn a chinntiú go mbíonn deis ag níos mó daoine ó achan chineál cúlra sult a bhaint as eispéiris iontacha ealaíon. Aithníonn muid ról lárnach na Cultúrlainne i gcur chun cinn chultúr agus ealaíona na Gaeilge is iad ag cur ar fáil réimse leathan imeachtaí cruthaitheacha spreagúla a dhéanann siamsa don phobal uilig, anseo i gCeathrú Ghaeltachta Bhéal Feirste.

Agus an iliomad sárimeachtaí agus sárghníomhaíochtaí ealaíon is cultúir i ndán dúinn sna míonna amach romhainn, ar toradh iad cuid mhaith acu ar chomhpháirtíochtaí a thóg an mol cultúrtha seo le healaíontóirí agus le heagraíochtaí logánta, cuimhnítear dúinn nach é amháin go dtarlaíonn a leithéidí in áiteanna ar nós na Cultúrlainne ach go dtarlaíonn siad mar gheall ar áiteanna ar nós na Cultúrlainne.

*The Arts Council of Northern Ireland is proud to be Cultúrlann's principal investor, through our National Lottery funds. It's the Arts Council's mission to develop and champion the arts, and one of our top priorities is to ensure that more people from all backgrounds have the opportunity to enjoy great arts experiences. We recognise the key role that Cultúrlann plays in this, as a champion of Irish language arts and culture, providing the widest range of creative experiences to inspire, entertain and enthuse everyone, here in Belfast's Gaeltacht Quarter.*

*With so many excellent arts and cultural events and activities to look forward to over the coming months, many the result of partnerships built by this cultural hub with surrounding artists and organisations, we're reminded that art doesn't just happen in places like Cultúrlann, it happens because of places like Cultúrlann.*

**Roisín McDonough,**
Príomhfheidhmeannach,
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
*Chief Executive,*
*Arts Council of Northern Ireland*

## IÚIL | JULY

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Janice Cherry - Torsos: Leochaileacht agus Mianach**<br>*Buaiteoir Ghradam Dillon*<br>13\|06\|24 - 25\|07\|24 | *Na hAmharc-Ealaíona*<br>*Visual Arts* | Dánlann Dillon |
| **Dominic McKeown - Cad é a chuir bac ort?**<br>13\|06\|24 - 25\|07\|24 | *Na hAmharc-Ealaíona*<br>*Visual Arts* | Na Ballaí Bána |
| **Coirnéal an Cheoil**<br>06\|07\|24 - 31\|07\|24 : 12.00pm - 2:00pm | *Ceol \| Music* | Bia Loch Lao |
| **Scéim Samhraidh Chumann Óige na bhFál**<br>08\|07\|24 - 12\|07\|24 : 10:00am - 4:00pm | *Óige \| Youth* | An Chultúrlann |
| **Belfast TradFest: Na Máistrí**<br>23\|07\|24 : 7:30pm | *Ceol \| Music* | Amharclann Shiobhán Nic Cionnaith |

## LÚNASA | AUGUST

| Imeacht | Cineál Imeachta | Ardá(i)n |
|---|---|---|
| **Colin Darke - Fuaim Faoi Cheilt**<br>01\|08\|24 - 12\|09\|24 | *Na hAmharc-Ealaíona*<br>*Visual Arts* | Dánlann Dillon |
| **Megan Luddy - Leigheas an tSiúcra**<br>01\|08\|24 - 12\|09\|24 | *Na hAmharc-Ealaíona*<br>*Visual Arts* | Na Ballaí Bána |
| **'Uppa Duff' le hAoife Kane**<br>06\|08\|24 - 08\|08\|24 : 6:30pm | *Amharclannaíocht \| Theatre* | Amharclann Shiobhán Nic Cionnaith |
| **'Unreconciled' - stiúrtha ag Geraldine Hughes**<br>09\|08\|24 & 10\|08\|24 : 7:00pm<br>11/08/24 : 2:00pm | *Amharclannaíocht \| Theatre* | Amharclann Shiobhán Nic Cionnaith |

# LÚNASA | AUGUST

| *Imeacht* | *Cineál Imeachta* | *Ardá(i)n* |
|---|---|---|
| **Scéim Samhraidh Aisling Óg**<br>19\|08\|24 - 23\|08\|24 : 10:00am - 3:00pm | *Óige \| Youth* | An Chultúrlann |
| **Liú Lúnasa**<br>29\|08\|24 - 31\|08\|24 | *Pobal \| Community* | An Chultúrlann agus áiteanna eile |
| **Seoladh Liú Lúnasa**<br>23\|08\|24 : 1:00pm-2:00pm | *Pobal \| Community* | An Chultúrlann |
| **Oíche Airneáil in ómós do Rónán Mac Aodha Bhuí**<br>29\|08\|24 :7:00pm – Mall | *Pobal \| Community* | Tí Mhadáin |
| **Are You On The Bus? Outburst**<br>29\|08\|24 : 7:00pm | *Pobal \| Community* | Paperxclips |
| **Dianchúrsa Liú Lúnasa**<br>30\|08\|24 - 11:00am - 2:00pm | *Oideachas \| Education* | An Chultúrlann |
| **Slam Filíochta Liú Lúnasa**<br>30\|08\|24 : 8:00pm | *Litríocht \| Literature* | An Chultúrlann |
| **Ióga le Dunla**<br>31\|08 \|24 : 09:00am | *Pobal \| Community* | An Chultúrlann |
| **Dianchúrsa Liú Lúnasa**<br>31\|08\|24 : 11:00am - 2:00pm | *Oideachas \| Education* | An Chultúrlann |
| **Lá Teaghlaigh le Fís an Phobail**<br>31\|08\|24 : 12:00pm - 2:00pm | *Teaghlaigh \| Family* | Gael-Ionad Mhic Goill |
| **Malartú & Meascadh**<br>31\|08\|24 : 2:00 pm - 5:00 pm | *Pobal \| Community* | Raidió Fáilte |
| **Ceolchoirm Liú Lúnasa @10**<br>31\|08\|24 : 8:00pm | *Ceol \| Music* | An Chultúrlann |




## AN CEATHRÚ PÓILÍ

Is siopa neamhspleách leabhair Ghaeilge é An Ceathrú Póilí agus muid ar an fhód le breis agus 30 bliain anois. Tá éagsúlacht mhór leabhar do gach aoisghrúpa ann mar aon le cártaí ócáide, CDanna agus féiríní. Suite i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, is mol litríochta fáilteach é an siopa do leabharbháigh, do cheardaithe agus d'éisteoirí ceoil.

*An Ceathrú Póilí is Belfast's Irish language and Irish interest bookshop with a diverse catalogue which ranges from history and biography to children's tales and learning resources. Based in Cultúrlann McAdam Ó Fiaich, we are a welcoming hub for readers, craftspeople and music lovers.*

*Uaireanta oscailte:*
*Opening Hours*

*Dé Luain - Dé hAoine:*
*Mon - Fri:*
9:30am - 5:30pm

*Dé Sathairn:*
*Sat:*
9:30am - 4:00pm

*Dé Domhnaigh:*
*Sun:*
Druidte | Closed

02890 322811

www.anceathrupoili.com



# BIA LOCH LAO

Suite i gcroílár na Ceathrún Gaeltachta, i gCultúrlann McAdam Ó Fiaich, tá Bialann na Cultúrlainne ina chaifé agus ina bhialann do Ghaeil agus do chairde na Gaeilge agus na n-ealaíon. Tá rogha gach bia agus togha gach dí ar fáil sa bhialann, agus cócaireacht den chaighdeán is airde! Bígí linn!

**Cuir glaoch orainn ar 02890 964184.**

*Situated in the heart of the Gaeltacht Quarter, in Cultúrlann McAdam Ó Fiach, Bialann na Cultúrlainne is a café restaurant where you are guaranteed a warm Irish welcome and a 'cúpla focal' or more. Bia offers the best of Belfast food and drink, made to the highest standards! Come and join us!*

***Call us on 02890 964184.***

*Uaireanta oscailte:*
Opening Hours

*Dé Domhnaigh - Déardaoin*
Sun - Thurs:

9:00am - 7:00pm

*Dé hAoine - Dé Sathairn*
Fri - Sat:

9:00am - 9:00pm

*Cuir glaoch orainn ar | Call us on*
02890 964184

BIA LOCH LAO
BELFAST RESTAURANT




## SCÉIM SAMHRAIDH
## CHUMANN ÓIGE NA BHFÁL

Seachtain lán de thurais, chraic, spraoi, ealaín agus spórt do Ghaeil óga na bhFál

*A week of trips, craic, fun, art and sport for young Gaels in the Falls area*

08|07|24 - 12|07|24

10.00am - 4:00pm

*Eolas:*

sinead@culturlann.ie

028 9096 4180




## SCÉIM SAMHRAIDH
## AISLING ÓG

Seachtain shultmhar do pháistí óga a thabharfaidh deis dóibh a gcuid scileanna a fhorbairt agus a muinín a ardú trí mheán na drámaíochta, na hamhránaíochta agus an chairdis. Fóirsteanach do pháistí R1- R7.

*An enjoyable week for children to develop their skills and enhance their confidence through drama, singing and friendship. Suitable for children P1 - P7.*

19|08|24 - 23|08|24

10:00am - 3:00pm

*Eolas:*

sinead@culturlann.ie

028 9096 4180



## COIRNÉAL AN CHEOIL
## THE MUSIC CORNER

Bígí linn gach aon Satharn sa chaifé nuair a bhíonn scoth an cheoil thraidisiúnta le cluinstin ó shárcheoltóirí agus ó sháramhránaithe.

*Join us every Saturday in the café for the best of traditional music by fantastic traditional musicians.*

| |
|---|
| *Gach Satharn \| Every Saturday* |
| 12.00pm - 2:00pm |
| *Cultúrlann McAdam Ó Fiaich* |




## BELFAST TRADFEST:

# MASTERS OF THE TRADITION

**I gcomhpháirt le Cultúrlann McAdam Ó Fiaich: Neil Martin (Fear an Tí/MC), Tara Howley, Dàibhidh Stìubhard, Pádraig Rynne, Mirella Murray, Aimée Farrell Courtney & John McIntyre**

An Feirsteach **Neil Martin**, cumadóir ceoil agus ceoltóir a bhfuil clú idirnáisiúnta air, a bheas mar fhear a' tí don seó ar leith seo. Seinneadh a chuid saothair ar fud an domhain ó Ground Zero go Droichead Mostar agus an Royal Albert Hall chomh maith leis an Stáisiún Spáis Idirnáisiúnta. Dordveidhleadóir agus píobaire is ea é agus d'oibrigh sé leis an iliomad ceoltóirí cáiliúla.

**Neil Martin** from Belfast is a composer and musician with an international reputation, whose work has been performed across the world from Ground Zero to Mostar Bridge and the Royal Albert Hall, as well as being played on the International Space Station. A cellist and an Uilleann piper, he has worked with many leading musicians and will be the host for this concert.

Is as Contae an Chláir ó dhúchas do **Tara Howley** agus í oilte sa cheol chlasaiceach agus sa cheol thraidisiúnta araon. Tá a gairmré breac le mórghradaim agus le léirithe suntasacha, ina measc 7 mbliana le Riverdance agus taibhithe le ceoltóirí móriomrá ar nós Sir James Galway, Bill Whelan, Paddy Keenan agus Finbar Furey.

**Tara Howley** is native to County Clare and has a background in classical and traditional music. Her illustrious career is adorned with prestigious awards and notable performances, including 7 years leading Riverdance and featuring alongside legends such as Sir James Galway, Bill Whelan, Paddy Keenan, and Finbar Furey.

I gcontae Thír Eoghain a d'fhás **Dàibhidh Stiùbhard** aníos agus tá a ghuth fréamhaithe san áit rúndiamhair sin ina saolaítear na foclaí fíréanta a bhaineann macalla as an chroí. Thug sé an chraobh leis i gcomórtas sinsir na hamhránaíochta traidisiúnta ag Fleá Thír Eoghain agus Fleá Uladh.

**Dàibhidh Stiùbhard** grew up in County Tyrone and he sings from that deep place within which the most meaningful and meant words are found. Dàibhidh is a senior traditional singing champion at the Tyrone and Ulster Fleadhs.

Cláiríneach é **Pádraig Rynne** ar fearr aithne air as a mháistreacht ar an chonsairtín agus as an chion fir atá déanta aige ar son cheol traidisiúnta comhaimseartha na hÉireann. Bhunaigh sé roinnt buíonta ceoil a d'imir mórthionchar ar thírdhreach nua-aimseartha an cheoil Éireannaigh, ina measc Cian, Guidewires, Triad, Atlantic Arc, Breen I Rynne I Murray agus an banna ceannródaíoch, Notify.

**Pádraig Rynne** from County Clare is best known for his virtuosic playing of the concertina and his significant contributions to contemporary traditional Irish music. He has founded several influential bands that have contributed to the modern landscape of Irish music, including Cian, Guidewires, Triad, Atlantic Arc, Breen I Rynne I Murray and the groundbreaking band Notify.

As Contae na Gaillimhe do **Mirella Murray** agus ba faoi threoir Mary Finn a d'fhoghlaim sí an cairdín pianó. Bíonn sí ag seinm ar ardáin idir náisiúnta agus idirnáisiúnta agus í aitheanta ag oirfidigh amhail Sharon Shannon, Lúnasa agus na Bumblebees mar thobar foinn neamhchoitianta, foinn atá bailithe aici agus í ar a camchuairt.

**Mirella Murray** hails from County Galway and learnt under the guidance of Mary Finn. Having performed nationally and internationally, artists such as Sharon Shannon, Lúnasa and the Bumblebees credit her as a source of uncommon melodies through her vast collection of tunes from her travels.


Ocht mbliana d'aois a bhí **Aimée Farrell Courtney** nuair a chéad chonacthas ar ardán í, sa Cheoláras Náisiúnta i mBaile Átha Cliath. Cuimsíonn a cuid seanma stíl iomráiteach thuisceanach tionlacain, mar aon le haonréid is dísréid rithimiúla spleodracha.

**Aimée Farrell Courtney's** debut performance was at the age of 8 at Dublin's National Concert Hall. Her dynamic playing ranges from a renowned sensitive style of accompaniment to electrifying rhythmic solos and duets.

Tháinig **John McIntyre** in inmhe agus é sáite i dteanga, in amhráin agus i gceol damhsa traidisiúnta iardheisceart Dhún na nGall. Ba mhinic é ar camchuairt idirnáisiúnta chuig ardáin is féilte cáiliúla. D'oibir sé in éineacht le léiritheoirí a bhfuil clú domhanda orthu agus tá sé anois ag léiriú agus ag taifeadadh seánraí éagsúla ceoil.

**John McIntyre** grew up immersed in the language, songs and traditional dance music of southwest Donegal. He has toured extensively worldwide, on many famous stages and festivals, has worked alongside many world-renowned producers and is now producing and recording in many genres.

| Dé Máirt, 23 Iúil \| Tuesday 23 July | |
|---|---|
| *Doirse oscailte:*<br>*Doors:* | *7:30pm* |
| *Am tosaithe:*<br>*Show starts:* | *7:50pm* |
| *Cultúrlann McAdam Ó Fiaich*<br>*Ní féidir suíocháin a chur in áirithe*<br>*Unreserved Seating* | |
| *Ceolchoirm do gach aon aois (ní mór duine fásta a bheith in éineacht leo siúd faoi aois 18)*<br><br>*All ages concert (u18's accompanied by an adult)* | |
| *Nasc do thicéid \| Ticketlink:*<br>*www.belfasttraditionalmusic.com/concerts-july-/masters-of-the-tradition* | |



**JANICE CHERRY** **Buaiteoir Ghradam Dillon** | ***Dillon Award Recipient***


# TORSOS: LEOCHAILEACHT AGUS MIANACH

## *TORSOS:VULNERABILITY AND RESILIENCE*

Ina léirithe ar an chabhlach sa taispeántas 'Torsos: Leochaileacht agus Mianach', déanann Janice Cherry scrúdú ar choincheap na cuimhne sinsearaí. Díríonn an bailiúchán de dhealbha ceirmeacha ar an tráma, ar an easpa cumhachta agus ar an leochaileacht le taobh an mhianaigh, an dóchais agus an ghrá. Is árthach é an cholainn bhaineann a choimeádann rúin, cuimhní cinn, an tráma agus an phian. Níl gnéithe aitheantais de dhíth orthu mar baineann tábhacht uilíoch leo. Léiríonn na dealbha tionchar fríotha seandálaíochta agus coirp phortach, agus scrúdaíonn siad teoiric Neamh-Chomhfhios Comhchoiteann Carl Jung. Déanann an saothar reatha seo machnamh ar eolas, scileanna agus mianach a chomhroinnt le taobh dúshláin agus tráma an tsaoil a chuirtear ar aghaidh chugainn ónár sinsear tríd an chuimhne. Tá muid leochaileach in aghaidh éifeachtaí an tráma ach, mar sin féin, tá mianach ollmhór ionainn iad a shárú agus an ceann is fearr a fháil orthu. Tugtar cuireadh don bhreathnóir machnamh a dhéanamh ar chion a sinsear féin i dtaca lena leochaileacht a shárú agus a neart a cheiliúradh trínár n-eispéireas daonna comhchoiteann.

*Janice Cherry's exhibition, 'Torsos: Vulnerability and Resilience', explores the concept of ancestral memory through representations of female torsos. The collection of ceramic sculptures focuses on trauma, powerlessness and vulnerability balanced against resilience, hope and love. The female forms are vessels which hold secrets, memories, trauma and pain. They do not require identifying features as they carry universal relevance. The sculptures demonstrate influences of archaeological finds and bog bodies and explore Carl Jung's theory of the Collective Unconscious. This current body of work contemplates the sharing of knowledge, skills and resilience to life's challenges, and traumas passed on through memory from our ancestors. We are vulnerable to the effects of trauma yet possess enormous capacity to overcome and cope. The viewer is invited to consider the contribution which their own ancestors have made to their unique abilities to overcome and celebrate our vulnerabilities and strengths through our shared human experiences.*

| 13/06/2024 - 25/07/2024 |
| --- |
| *Dánlann Dillon* |



## DOMINIC MCKEOWN

## CAD É A CHUIR BAC ORT?

### *WHAT HELD YOU BACK?*

Le "Cad é a chuir bac ort" cuirfear bailiúchán saothar nua i láthair a eascraíonn ó shaothar a rinneadh le hábhair ó eispéiris san am a chuaigh thart agus eispéiris reatha, agus ó spásanna poiblí agus príobháideacha. Na dealbha agus na líníochtaí balla seo, cruthóidh siad sraith eagar a thugann an súgradh agus an teannas le chéile, agus iad á scrúdú trí réimse ábhair bhaile agus neamh-bhaile.


I dtaca le m'eispéaras pearsanta féin i gcórais oideachais, mar dhuine néara-éagsúil, bhí an súgradh ina chuid lárnach de m'fhorbairt. Spreagann na líníochtaí dealbhóireachta seo smaointe pearsanta ar éalúchas, ar idirghabháil agus ar struchtúr agus tá codarsnacht an teannais ina thaca ag gach saothar aonair ábharach.

Spreagann na dealbha agus na líníochtaí seo muid chun athcheangal a dhéanamh leis an dóigh a súgraíonn muid agus a ndéanann muid rudaí a fhiosrú taobh istigh de mhúnlaí oideachais.

*"What held you back?" will present a new body work stemming from the on-going engagement of working with materials from the past and present experiences, public and private spaces. These wall-based sculptures and drawings will form a series of arrangements that converge play and tension together as one, explored throughout an assortment of domestic and non-domestic materials.*

*Referring from my personal experiences in educational systems, as a neurodiverse person play has been an integral part of my development, these sculptural drawings trigger personal thoughts on escapism, intervention and structure as the looming contrast of tension supports each individual material composition.*
*These sculptures and drawings encourage us to reconnect our perspectives on how we play and explore within models of education.*

| 13/06/2024 - 25/07/2024 |
| --- |
| *Ballaí Bána* |



## COLIN DARKE
## FUAIM FAOI CHEILT

Áirítear le *Fuaim faoi Cheilt* 3 shuiteáil/ fhísealaín, gach ceann acu bunaithe ar *With Hidden Noise* (1916) le Marcel Duchamp, ina bhfuil rud anaithnid ceilte.

In *Fuaim faoi Cheilt – 60 nóiméid/2.5 soicind,* cuimsítear seasca tiomántán crua a bhfuil fillteán amháin cosanta ag pasfhocal nach bhfuil ar eolas ag an ealaíontóir. Rinneadh gach tiomántán a phéinteáil ar feadh seasca soicind, sin seasca nóiméad de shaothar an ealaíontóra, a dhéanann tagairt do Marx agus é ag trácht ar theoiric luach an lucht saothair.

Is éard atá in *Fuaim faoi Cheilt - Sóisialachas agus Náisiúnachas na hÉireann* ná eangach de bhoscaí bronntanas déanta de chairtchlár. Ar na lipéid tá aiste James Connolly *Socialism and Irish Nationalism*, scríofa in 1897, agus aistrithe ag Seán Ó Muireagáin. Tá pingin de chuid na Breataine i ngach bosca acu, le forghabháil choilíneach agus an bhéim a chuir Connolly ar shaincheisteanna eacnamaíocha a léiriú.

In *Fuaim faoi Cheilt –Démocratie*, tá an dán den teideal chéanna le Arthur Rimbaud, a scríobhadh in 1873 agus a scrúdaíonn éilliú dhaonlathas an bourgeoisie, scríofa ar na lipéid fosta. Tá siad greamaithe de bhuidéil sháile an Atlantaigh, a thugann chun cuimhne stair imirce na hÉireann agus a phléann leis an reitric frith-inimirce atá le feiceáil sa lá atá inniu ann.

# WITH HIDDEN NOISE

*__With Hidden Noise__ comprises three installation/video works, all based on Marcel Duchamp's __With Hidden Noise__ (1916) which holds a concealed unknown object.*

*__With Hidden Noise – 60 Minutes/2.5 Seconds__ consists of sixty hard drives, each with one password-protected file, unknown to the artist. Each drive has been painted on for sixty seconds, totalling sixty minutes of Darke's work, referencing Marx on the labour theory of value.*

*__With Hidden Noise - Sóisialachas agus Náisiúnachas na hÉireann__ is a grid of card gift boxes. On their labels is James Connolly's 1897 essay __Socialism and Irish Nationalism__, translated by Seán Ó Muireagáin. Each box contains a British penny, signifying colonial occupation and Connolly's stressing of economic considerations.*

*__With Hidden Noise – Démocratie__ is also written on labels - Arthur Rimbaud's 1873 poem, looking at the corruption of bourgeois democracy. They are attached to bottles of Atlantic water, referencing Ireland's history of migration and considering the anti-immigration rhetoric now taking place.*

| 01/08/2024 - 12/09/2024 |
|---|
| Seoladh \| Launch: 01/08/2024 \| 7:00pm |
| *Dánlann Dillon* |




## MEGAN LUDDY

## LEIGHEAS AN TSIÚCRA

... agus d'fhéadfaí méar gearrtha a chur faoi thoit giota beag siúcra a croitheadh ar phíosa guail lasta (NFC 0122: 157.)

Creideann Joyce go bhfuil anam na hÉireann gafa in eangach; bailítear ansin é fosta. Chun muid féin mar phobal a chruthú, ní mór dúinn an eangach, nó an píosa lása sin, nó an ciseán fite sin a aimsiú.

Agus í faoi chomaoin mhór ag scoláireacht Mháirtín Mhic Con Iomaire, Bríd Mahon, Kevin Danaher, Jennie Moran agus na mílte guthanna eile atá fite fuaite i mbailiúchán na Scoileanna Dúchais, cíorann agus athchruthaíonn an taispeántas seo an éagsúlacht iontach atá le fáil i stair chócaireachta na hÉireann. Ar an dóigh sin, táthar ag súil go laghdóidh sé cuimhní pianmhara an ghorta, an troscaidh, stailceanna ocrais, daoine á gcur i dtithe cúraim agus éiginnteacht ó thaobh bia de – rud a léirítear sa lá atá inniu ann trí neamhord itheacháin agus neamhaird a thabhairt ar riachtanais chothaitheacha iad siúd atá faoinár gcúram.

Agus í ag baint leas as an scoláireacht thuasluaite, a chuimsíonn caomhnú béaloidis, litríocht Ghaeilge na meánaoise, modhanna traidisiúnta ceardaíochta (obair paistí, lásáil Éireannach) chomh maith le spéis an ealaíontóra agus a chairde sa chócaireacht, forbraíonn an saothar teanga fhisiúil lúcháireach do chócaireacht na hÉireann.

Chomh bán le bainne /Chomh milis le mil / Chomh dearg le fuil.
(NFC, 0023 : 190)

## *IN THE SMOKE OF A LITTLE SUGAR*

*... and a cut finger might be held in the smoke of a little sugar/ sprinkled on a lighted coal ...*
*(NFC 0122: 157.)*


*Joyce says that the soul of Ireland is trapped in a net; it is also collected there. To create ourselves we must reach into that fishing net, that lacework, that woven basket. Do our fingers catch in the gaps?*

*Owing a great debt to the scholarship of Martín Mac Con Iomaire, Bríd Mahon, Kevin Danaher, Jennie Moran and the thousands of voices woven into the Dúchas Schools collection, this exhibition explores and reimagines the patchwork history of cooking culture in Ireland. It does so in the hopes of easing a painful cultural memory of famine, fasting, hunger strikes, institutionalization and food insecurity, which today manifests in the prevalence of disordered eating and Ireland's disregard for the nutritional needs of those in our care.*

*Drawing on the aforementioned scholarship, persevering folklore, medieval Irish literature, traditional craft methods (patchworking, Irish lace), as well as the artist's love of cooking with her friends, the work develops a joyful visual language for Irish cooking.*

*Chomh bán le bainne /Chomh milis le mil / Chomh dearg le fuil.*
*(NFC, 0023 : 190)*

| |
|---|
| 01/08/2024 - 12/09/2024 |
| Seoladh \| Launch: 01/08/2024 \| 7:00pm |
| *Ballaí Bána* |




## UPPA DUFF
## LE hAOIFE KANE

Dráma nua, faoi stiúir na mban, is ea 'Uppa Duff'. Díríonn sé ar thriúr girseach sa séú bliain i scoil in Iarthar Bhéal Feirste. Agus síleann Kyla gur seans go bhfuil sí ... 'uppa duff'. Agus é líon lán le greann géar Éireannach, is dráma é seo nár chóir a chailleadh!

*'Uppa Duff' is a new female-led play, which centres around three sixth year girls in a school in West Belfast. And Kyla thinks that she might just be... uppa duff. Filled with sharp, witty, Irish humour. You won't want to miss it!*

| 06\|08\|24 | 07\|08\|24 | 08\|08\|24 |
|---|---|---|
| Doirse oscailte \| Doors: 6:30pm | | |
| Am tosaithe \| Start time: 7pm | | |
| Ticéid \| tickets: www.ticketsource.co.uk/theatre-freelancer/uppa-duff/e-bompjr | | |

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL




# UNRECONCILED
## GERALDINE HUGHES

Ríomhann 'Unreconciled' fíorscéal faoi dhéagóir a roghnaítear le páirt Íosa a léiriú i ndráma scoile atá á stiúradh ag sagart. Cuirtear síos ann ar thuras marthanóra agus é ag tabhairt aghaidh ar ar tharla, rud a thugann an misneach dó labhairt amach agus sainmhíniú as an nua a dhéanamh ar an athmhuintearas.

*'Unreconciled' is the true story of an adolescent actor cast as Jesus in a school play directed by a priest. The story chronicles a survivor's journey as he confronts his past and discovers the courage to use his voice and redefine what reconciliation means.*

09|08|24 & 10|08|24 - 7:30pm

11|08|24 - 2:00pm

*£12 | £10 (Lacáiste ar fáil)*

Culturlann.ie

Féile an Phobail
IRELAND'S BIGGEST COMMUNITY ARTS FESTIVAL



# CIORCAL LÉITHEOIREACHTA
# READING CIRCLE

An maith leat a bheith ag léamh leabhair Ghaeilge? Ar mhaith leat bualadh le daoine agus dreas comhrá a dhéanamh ar leabhair? Más é sin an cás, déan teagmháil le Sinéad le clárú. Fáilte roimh achan duine.

*Do you like to read? Would you like to meet other people and chat about books? If so, contact Sinéad to register. All welcome.*

Uair sa mhí | once a month

Eolas | Info: Sinead@culturlann.ie

# LIÚ LÚNASA

## AG CEILIÚRADH 10 MBLIANA AR AN BHFÓD

**Don 10ú bliain as a chéile, reáchtálfar an fhéile imill 'Liú Lúnasa'. Bígí linn do réimse imeachtaí ar nós an Slam Filíochta, díospóireacht phainéil bhríomhar agus ceolchoirm bheo ó amharclann na Cultúrlainne.**

*For the 10th year in a row we will be running the fringe-culture festival Liú Lúnasa. Join us for a range of events including a Poetry Slam, a discussion panel and a live concert from the Cultúrlann's theatre space.*

**29|08|24 - 31|08|24**

# SEOLADH LIÚ LÚNASA

**Bígí linn le Clár Liú Lúnasa a sheoladh.**

## 23|08|24 - 1- 2PM




# OÍCHE AIRNEÁIL IN ÓMÓS DO RÓNÁN MAC AODHA BHUÍ

Bígí linn i dTí Mhadáin le haghaidh ceoil, scéalaíocht, amhránaíocht agus neart craic in ómós dár laoch Rónán Mac Aodha Bhuí. Beidh muid ag tógáil airgid ar an oíche le dul i dtreo teaghlaigh i nGaza. Beidh crannchur againn le bronntanais speisialta a bhuí lenár bpáirtnéirí.

*A night of song, dance, stories and craic to celebrate our late friend, Rónán Mac Aodha Bhuí.*

| |
|---|
| 29\|08\|24 |
| 7:00pm – Mall |
| £5 |
| *Tí Mhadáin* |
| Tí Mhadáin |




## OUTBURST, KABOSH & PAPERXCLIPS
## 'AN BHFUIL TÚ AR AN BHUS?' 'ARE YOU ON THE BUS?'

Imeacht scéalaíochta agus litríochta. Níos mó sonraí le teacht.

*A storytelling and literary event. More details to come.*

29|08|24

7:00pm

OUTBURST ARTS

KABOSH

PaperXclips




## DIANCHÚRSA GAEILGE

## INTENSIVE COURSE

Mar chuid de Liú Lúnasa, tá Cultúrlann McAdam Ó Fiaich ag reáchtáil Dianchúrsa Gaeilge. Is bealach iontach é dianchúrsa le cur go mór le do chuid scileanna teanga taobh istigh de thréimhse ghairid ama. Cúrsa spreagúil lán eolais a bheidh ann agus bíodh geall go gcothóidh an cúrsa seo muinín ionat do chumas sa Ghaeilge a thabhairt go leibhéal eile. Tá táille£20 ar an chúrsa. Beidh na leibhéil seo a leanas ar fáil: Bunrang – Meánrang – Rang Comhrá

*As part of Liú Lúnasa, Cultúrlann McAdam Ó Fiaich is running an Irish Language Intensive Course. Intensive courses are a great way to boost your language skills in a short space of time. The course will be both motivating and informative and will take your confidence in the Irish language to another level. There is a fee of £20 for the course. The levels we have are: Beginners – Intermediate – Conversational Class*

30|08|24 - 31|08|24

11:00am - 2:00pm

*Cláraigh | Register:*

*culturlann.ticketsolve.com/shows*




# Ó SUMUD GO SAOIRSE
## PAINÉAL CAINTE LE GLÓR NA MÓNA

Múnla athbheochana ón mbonn aníos: 'Glúin Bhóthar Seoighe agus an rian a d'fhágadar ar an ghluaiseacht chomhaimseartha teanga' le Róisín Nic Liam

Is Corcaíoch, gníomhaí teanga agus taighdeoir PhD í Róisín Nic Liam atá ag dul don Dochtúireacht ar athbheochan chomhaimseartha na Gaeilge i mBéal Feirste ó bhí Comhaontú Aoine an Chéasta (1998) ann, ach go háirithe rannpháirtíocht na n-óg san athbheochan phobalbhunaithe úd, mar thogra comhoibríoch idir Ollscoil na Banríona agus Glór na Móna.

*Róisín Nic Liam from Cork is an Irish language activist and PhD Researcher on the contemporary revival of the Irish language in Belfast since the Good Friday Agreement (1998), focusing primarily on youth engagement with the grassroots-led revival, as part of a collaborative doctorate project between Queen's University Belfast and Glór na Móna. This talk will be in Irish with a simultaneous translation service offered.*

30|08|24

glór na móna
Pobal & Óige




## SLAM FILÍOCHTA
## LIÚ LÚNASA

Tá cáil ar Shlam Filíochta Liú Lúnasa mar an t-aon chomórtas slam filíochta trí Ghaeilge sa tír agus tá muid ar bís go mbeidh muid ábalta fáilte a chur roimh fhilí agus eile a bheith ar ais linn faoi dhíon na Cultúrlainne d'oíche mhór filíochta agus sibh san iomaíocht do dhuaischiste £800. Téigí i mbun cumadóireachta!

*Liú Lúnasa's Poetry Slam is renowned as the only Irish language slam poetry competition and this year we are delighted to welcome all entrants to perform in the Cultúrlann. Sinéad Ní Uallacháin will join us as host and we are looking forward to a fantastic night as our poets compete for a prize fund of £800. Get writing!*

30|08|24

08:00pm

Táille Iontrála | Entry Fee: £5

*culturlann.ticketsolve.com/shows*




## IÓGA MAIDINE LE DUNLA
## MORNING YOGA WITH DUNLA

Bí linn don rang faoi leith seo mar chuid de Liú Lúnasa. Le linn an ranga, breathnaítear ar éagsúlachtaí struchtúir, feasachta, análaithe agus gluaiseachta. Tá sé fóirsteanach do lucht bunleibhéil agus meánleibhéil araon. Fáilte roimh chách. Cuirfear mataí ióga ar fáil mar aon le bricfeasta éadrom i ndiaidh an ranga.

*Join us for this one-off yoga morning as part of Liú Lúnasa. This bilingual (Irish and English) class will explore different variations of structure, awareness, breathing and movement. Perfect for beginners and intermediate level. Everyone welcome. Yoga mats provided as well as a light breakfast after the class.*

| |
|---|
| 31\|08\|24 |
| 09:00am |
| Costas: £5 |




# LÁ TEAGLAIGH
## LE FÍS AN PHOBAIL

Bígí linn le haghaidh craic, ceol agus ealaín i nGael-Ionad Mhic Goill le ceiliúrad a dhéanamh ar bhreithlá Liú Lúnasa!

**Tuilleadh eolais: sorcha@fisanphobail.com**

*Join us for craic, music and art in Gael-Ionad Mhic Goill to celebrate Liú Lúnasa's birthday!*

**More information: sorcha@fisanphobail.com**

31|08|24

12:00pm - 2:00pm

*Gael-Ionad Mhic Goill*



## MALARTÚ & MEASCADH

Malartú éadaí, meascadh manglam agus meascadh ceoil le ceardlann DJ i Raidió Fáilte. Má tá tú ag iarraidh bheith páirteach, gabh i dteagmháil le Tara Ní Dhuibh ar **ofg@raidiofailte.com** le d'áit a chur in áirithe. Is imeacht dátheangach é seo agus tá fáilte roimh chách.

*Clothes Swap, mixing cocktails and music with a DJ workshop. If you would like to take part, please contact Tara Ní Dhuibh at* **ofg@raidiofailte.com** *to reserve your spot. This is a bilingual event and everyone is welcome.*

31|08|24

2:00pm - 5:00pm

£5

*ofg@raidiofailte.com*




## CEOLCHOIRM CHEILIÚRTHA
## LIÚ LÚNASA @10

Oíche mhór cheoil chun clabhsúr a chur ar Liú Lúnasa na bliana seo agus le ceiliúradh a dhéanamh ar 10 mbliana den fhéile. Beidh plúr an lucht ceoil againn ina measc **Huartan**, a chuireann casadh spleodrach nua-aimseartha sa cheol Ghaelach; rac-cheol bríomhar, fuinniúil **Grooveline**; indie-rac dúchasach **Na Shanvans** agus **Torby**, an rapálaí dána, misniúil. Beidh sibh ag damhsa go maidin!

**Iarchóisir sa Beehive go dtí go mall!**

*This year's finalé concert will celebrate 10 years of Liú Lúnasa festival with music from electronic-trad superstars **Huartan**, energetic rock group **Grooveline**, local indie-rock **Na Shanvans** and the edgy rapper **Torby** - make sure you bring your dancing shoes!*

***Afterparty in the Beehive till late!***

31|08|24

8:00pm

£10

*culturlann.ie*

# NA MEÁIN SHÓISIALTA
## SOCIAL MEDIA

Tá neart ábhar speisialta ar fáil ar na meáin shóisialta atá againn faoi láthair. Tabhair 'like' dúinn agus lean muid ar na hardáin éagsúla le go bhfeicfidh sibh an réimse siamsaíochta a chuireann muid ar fáil.

We are producing plenty of interesting material on our social media platforms at the minute. Please like and follow our pages to see the variety of material being produced to keep you entertained.

Suíomh | website
www.culturlann.ie

Linktree
@culturlann

Facebook
Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

Tiktok
@Culturlann

Instagram
@Culturlann

X / Twitter
@Culturlann

YouTube
@Cultúrlann McAdam Ó Fiaich

CULTÚRLANN
McADAM Ó FIAICH

Arts Council of Northern Ireland
Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann
Airts Cooncil o Norlin Airlann

Comhairle Chathair Bhéal Feirste

Foras na Gaeilge

An Roinn Pobal

FUTURE SCREENS NI